Scéim Údaráis Áitiúla Lúghaí faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 2007-2010

Clár

Caibidil	Teideal
1	Cúlra
1.1	Réamhrá
1.2	Ullmhú na Scéime
1.3	Dáta Tús Feidhme na Scéime
1.4	Ráiteas Bunchuspóra
1.5	Cuspóirí Straitéiseacha
1.6	Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí
1.7	Custaiméirí agus Cliaint Údaráis Áitiúla Lúghaí
1.8	Réimsí Feidhmiúcháin/Stiúrthóireachtaí Údaráis Áitiúla Lúghaí
1.9	Suíomh Oifigí na Comhairle
1.10	Príomh-Mhodh Cumarsáide leis an bPobal
1.11	Measúnú ar Infhaighteacht Seirbhísí Gaeilge i láthair na huaire
2	**Achoimre ar Sheirbhísí arna Soláthar ag Údaráis Áitiúla Lúghaí**
3	**Feabhsú Seirbhísí a chuirfear ar fáil sa dá theanga**
3.1	Treoirphrionsabail
3.2	Cumarsáid Scríofa
3.3	Oiliúint agus Forbairt
3.4	Córais Eolais
3.5	Foirmeacha Iarratais
3.6	Láithreán Gréasáin
3.7	Seirbhísí Teileafóin
3.8	Beartas maidir le Cruinnithe Poiblí
3.9	Preasráitis do na Meáin
3.10	Bróisiúir agus Bileoga Eolais
3.11	Logainmneacha
3.12	Bearta Tionscnaimh
4	**Cur chun feidhme, Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Scéim Údaráis Áitiúla Lúghaí faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 2007-2010

Caibidil 1Cúlra

1.1 Réamhrá

Tá an scéim seo ullmhaithe ag Údaráis Áitiúla Lúghaí faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Síníodh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ina dhlí an 14 Iúil 2003. Is é an tAcht an chéad phíosa reachtaíochta a sholáthraíonn creat reachtúil le haghaidh seachadadh seirbhísí trí Ghaeilge.

Is é príomhchuspóir an Achta infhaighteacht seirbhísí trí Ghaeilge agus caighdeán níos airde sna seirbhísí sin a chinntiú.

1.2 Ullmhú na Scéime

Forálann Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla d'ullmhú scéim reachtúil ag comhlachtaí poiblí ag cur síos go mion ar na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla,
- trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge agus na bearta a ghlacfar chun a chinntiú go gcuirfear aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge ar fáil trí Ghaeilge laistigh d'am fráma aontaithe.

Forálann Alt 13 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go bhfuil sé de dhualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go mbíonn líon leordhóthanach dá fhoireann inniúil sa Ghaeilge (Alt 13(2)(c)).

Dréachtaíodh an scéim seo de réir na dTreoirlínte a d'eisigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla.

D'fhoilsigh Údaráis Áitiúla Lúghaí fógra sna nuachtáin áitiúla mí an Mhárta 2007 faoi Alt 13 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla ag lorg aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara maidir le hullmhú na scéime. Ní bhfuarthas aighneacht ar bith.

Ní thiocfaidh aon mhír sa scéim seo salach ar aon Acht nó ionstraim reachtúil de chuid an Stáit nó aon rialacháin a rinneadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Áirítear sa scéim gealltanas measúnú leanúnach a dhéanamh ar an éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus a chinntiú go bhfreastalaíonn an Chomhairle ar an éileamh seo ar bhealach pleanáilte, comhleanúnach agus insroichte. Tomhasfaidh an Comhairle an leibhéal éilimh ar a seirbhísí trí Ghaeilge trí mheasúnachtaí rialta a dhéanamh ar leibhéal na n-iarratas/gceisteanna maidir le seirbhísí trí Ghaeilge, trí tháscaire seirbhíse áitiúla saindeartha. Is trí iontaofacht na seirbhísí nua trí Ghaeilge a chur in iúl don phobal agus a léiriú dóibh go spreagfar éileamh agus úsáid seirbhísí trí Ghaeilge.

1.3 Dáta Tús Feidhme na Scéime

Tá an scéim seo dearbhaithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tosófar an scéim le héifeacht ón 20ú Samhain, 2007, agus beidh sé i bhfeidhm i gcónaí ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta seo nó go ndearbhaíonn an tAire scéim nua de bhun Alt 15 den Acht, cibé is luaithe.

1.4 Ráiteas Bunchuspóra

Tá sé ráite i bPlean Corparáideach Údaráis Áitiúla Lúghaí 2004-2009 gurb é bunchuspóir Údaráis Áitiúla Lúghaí "ceannaireacht a sholáthar agus seirbhís cáilíochta éifeachtach a sheachadadh do mhuintir Lúghaí."

1.5 Cuspóirí Straitéiseacha

Deirtear i bPlean Corparáideach na Comhairle 2004-2009 gurb iad cuspóirí straitéiseacha Údaráis Áitiúla Lúghaí:

1) An tseirbhís is fearr is féidir a thabhairt dár gcustaiméirí agus dár gcliaint

2) Forbairt eacnamúil a éascú agus ár suíomh straitéiseach ag lárphointe idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste a uasmhéadú

3) Cáilíocht na beatha a fheabhsú dár gcónaitheoirí anois agus do na glúine a thiocfaidh inár ndiaidh.

4) Leas a bhaint as rannpháirtíocht pobail, ceannaireacht sibhialta a sholáthar

5) Comhaontais agus comhpháirtíochtaí oibre a fhorbairt, laistigh den eagraíocht agus le heagraíochtaí agus soláthraithe seirbhíse eile, chun spriocanna agus tosaíochtaí eagraíochtúla a chomhlíonadh.

1.6 Custaiméirí agus Cliaint de chuid Údaráis Áitiúla Lúghaí

Is é daonra Chontae Lúghaí bonn custaiméirí Údaráis Áitiúla Lúghaí, den chuid is mó, arb ionann é agus 111,267 de réir Daonáireamh 2006. Ach seachas an teagmháil laethúil a bhíonn againn le custaiméirí ar bhonn aonair, bímid ag plé chomh maith le bonn custaiméirí níos leithne chomh maith, lena n-áirítear:

Pobail ar fud Chontae Lúghaí
Ranna rialtais
Gníomhaireachtaí Stáit
Lucht gnó
Údaráis áitiúla eile agus údaráis réigiúnacha
Struchtúir na mBord Forbartha Contae
Comhpháirtithe sóisialta agus leasa earnála
Gníomhaireachtaí forbartha áitiúla
Meáin áitiúla agus náisiúnta
LEADER agus Grúpaí Comhpháirtíochta Áitiúla
Soláthraithe seirbhíse san earnáil phríobháideach
Údaráis áitiúla agus comhlachtaí forbartha i dTuaisceart Éireann

1.7 Réimsí Feidhmiúcháin/Stiúrthóireachtaí Údaráis Áitiúla Lúghaí

1 Seirbhísí Pleanála, Comhshaoil & Éigeandála
2 Bonneagar
3 Seirbhísí Corparáideacha, Caitheamh Aimsire agus Taitneamhachta
4 Airgeadas
5 Tithíocht, Pobal & Forbairt Fiontraíochta
6 Comhairle Baile Dhún Dealgan
7 Comhairle Baile Dhroichead Átha

1.8 Suíomh Oifigí na Comhairle

Tá ceithre cinn d'údaráis áitiúla i Lúghaí. Is iad seo:

1) Comhairle Contae Lúghaí
2) Comhairle Baile Dhún Dealgan
3) Comhairle Baile Dhroichead Átha
4) Comhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia

Tá 49 comhairleoir tofa ag Údaráis Áitiúla Lúghaí a dhéanann ionadaíocht ar son na gceithre údarás áitiúil i Lúghaí. Tá príomhoifig Chomhairle Contae Lúghaí, Halla an Chontae, suite i nDún Dealgan. Tá oifigí ina gceantar uirbeach féin ag gach ceann de na húdaráis áitiúla eile. Is ar an mBainisteoir Contae atá cúram bhainistíocht Údaráis Áitiúla Lúghaí ó lá go lá.

Tá ár Líonra Brainsí Leabharlainne suite i gceithre ionad – Baile Átha Fhirdhia, Cairlinn, Droichead Átha agus Dún Léire.
Tá ceanncheathrú na leabharlainne suite i nDún Dealgan.

Tá stáisiúin dóiteáin suite go straitéiseach i gcúig ionad ar fud an chontae – Dún Dealgan, Droichead Átha, Cairlinn, Dún Léire agus Baile Átha Fhirdhia.

1.9 Na Príomh-mhodhanna Cumarsáide Scríofa leis an bPobal

De ghnáth bíonn cumarsáid Údaráis Áitiúla Lúghaí lena gcustaiméirí maidir lena seirbhísí i mBéarla amhain, agus i gcásanna áirithe i nGaeilge agus i mBéarla, lena n-áirítear:

- Bróisiúir & bileoga eolais
- Foirmeacha iarratais
- Foilseacháin
- Preasráitis
- Láithreán Gréasáin
- Fógraí
- Miontuairiscí chruinnithe na n-údarás áitiúil
- Tuarascálacha
- Beartais reachtúla

1.10 Measúnú ar Infhaighteacht Seirbhísí Gaeilge i láthair na huaire

Is é príomhchuspóir an Achta infhaighteacht seirbhísí trí Ghaeilge agus caighdeán níos airde

sna seirbhísí sin a chinntiú. Chuir Údaráis Áitiúla Lúghaí Seachtain na Gaeilge chun cinn go fuinniúil le blianta beaga anuas. Tá ranganna Gaeilge curtha ar fáil ag Údaráis Áitiúla Lúghaí don fhoireann, agus tacaítear le baill foirne ar mian leo cáilíochtaí acadúla a fháil sa Ghaeilge. Baineann baill foirne leas as Scéim Scoláireachta na Gaeltachta trí Ghaeleagras.

Cé go ngéilleann Údaráis Áitiúla Lúghaí do na riachtanais reachtúla ar fad i dtaca le soláthar seirbhísí agus foilseachán trí Ghaeilge, aithnímid go bhfuil raon seirbhísí ann nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge i láthair na huaire, agus is mór againn an deis a thugann an scéim seo dúinn forbairt agus feabhas a chur ar ár seirbhísí sa réimse seo. Cé nach bhfuil mórán éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge i láthair na huaire, tá Údaráis Áitiúla Lúghaí tiomanta do fheabhas a chur ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge, agus do chultúr dearfach a fhorbairt a spreagann idir fhoireann agus chustaiméirí chun an Ghaeilge a úsáid.

Caibidil 2 Achoimre ar Sheirbhísí arna Soláthar ag Údaráis Áitiúla Lú

Soláthraíonn an chaibidil seo for-radharc ar na seirbhísí a sholáthraíonn Údaráis Áitiúla Lúghaí.

STIÚRTHÓIREACHT NA TITHÍOCHTA, AN PHOBAIL & FORBAIRT NA FIONTRAÍOCHTA

Príomhchúraimí na Stiúrthóireachta:

- Tithíocht Údaráis Áitiúil
  - ⇒ Tógáil agus cothabháil
  - ⇒ Scéim um measúnú riachtanas agus leithdháileadh tithe;
  - ⇒ Scéim Liúntais Morgáiste; Scéim Tithíochta Inacmhainne; Scéim Oibreacha Feabhais; Scéim Faduithe Tí (tithe Údaráis Áitiúla)
  - ⇒ Scéim na nDeontas do Dheisiúcháin Riachtanacha
  - ⇒ Scéim na nDeontas do Dhaoine Faoi Mhíchumas
- Lonnú Taistealaithe Cóiríocht do Dhaoine gan Dídean
- Bainistíocht Eastáit
- Ceapadh agus cur chun feidhme straitéis tithíochta
- Forfheidhmiú rialachán i dtaca le leabhair chíosa agus caighdeáin le haghaidh cóiríocht phríobháideach ar cíos
- Tacaíochtaí tithíochta

  Scéim na nOibreacha Feabhsúcháin; Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí

- Ag obair le Bord Forbartha Contae Lúghaí chun an Straitéis Chontae um Fhorbairt Eacnamúil, Shóisialta agus Chultúrtha a chur chun feidhme
- Ag éascú agus ag tacú le Fóram Pobail & Deonach Lúghaí
- Gníomhaíochtaí na n-údarás áitiúil a threorú, a thacú agus a chur chun cinn i bhforbairt pobail agus fiontraíochta
- seirbhís rochtana
- Clár Forbartha Trasteorann
- Saoráidí caitheamh aimsire a fhorbairt agus a chothabháil – linnte snámha; ionad fóillíochta; clóis shúgartha etc.
- Cur chun cinn na turasóireachta
- Cur chun cinn oidhreacht Chontae Lúghaí
- Clár Cheantair Laga Ard-Riachtanais

- Tascfhórsa (PEACE II) faoi threoir na Comhairle Contae
- Tionscnaimh um fhorbairt eacnamúil
- Cur chun cinn na cuimsithe sóisialta
- Comhairle Na nÓg/Comhairle Na bPáistí
- Scéimeanna Deontais Pobail & Deonach & Ealaíon
- Tionscnaimh um Mórtas Bláthach & Mórtas Áite
- Cur chun feidhme Dhearbhú Barcelona

STIÚRTHÓIREACHT CORPARÁIDEACH, CAITHEAMH AIMSIRE AGUS TAITNEAMHACHTA
Príomhchúraimí na Stiúrthóireachta:

- Tacaíocht do na Baill Tofa
- Cothabháil Chlár na dToghthóirí
- Próiseáil Deontas Ardoideachais
- Toghcháin áitiúla
- Riar na Reachtaíochta Saoráil Faisnéise
- Ullmhú na Tuarascála Bliantúla
- Seirbhísí custaiméirí lena n-áirítear gearáin ó chustaiméirí agus gearáin chuig an Ombudsman
- Ullmhú an Phlean Chorparáidigh agus Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí
- Comhordú agus monatóireacht ar tháscairí seirbhíse
- Earcaíocht
- Oiliúint & Forás Foirne
- Aoisliúntas
- Teicneolaíochtaí Faisnéise & Cumarsáide
- Comhpháirtíocht
- Fostú Cróinéara agus na costais a ghabhann le hionchoisní/scrúduithe iarbháis
- Forbairt agus soláthar clár ealaíon
- Scéim mhaor pobail
- Soláthar seirbhís leabharlainne lena n-áirítear teacht shaor in aisce ar an Idirlíon
- Forbairt saoráidí agus seirbhísí caitheamh aimsire agus taitneamhachta
- Comhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia

STIÚRTHÓIREACHT AIRGEADAIS
Príomhchúraimí na Stiúrthóireachta:

- Bailiú rátaí tráchtála agus táillí seirbhíse
- Iasachtaí le haghaidh ceannach tithe agus feabhsúcháin ar thithe
- Bailiú cíosa agus bliantachtaí
- Bainistiu na bhféichiúnaithe
- Bainistiu sócmhainní
- Bainistíocht priacail
- Párolla
- Iniúchóireacht Inmheánach
- Mótarcháin agus ceadúnais tiomána
- Ceadúnais d'Fheithiclí Seirbhíse Poiblí
- Deimhnithe ar Ródacmhainneacht le haghaidh feithiclí tráchtála
- Ceadúnais leantóra le haghaidh feithiclí tráchtála
- Ceadúnais trádála le haghaidh garáistí
- Athrú úinéireachta (feithiclí a cláraíodh roimh 1993)

- Macasamhla de cheadúnais tiomána, dioscaí cánach, teastais cheadúnaithe, leabhair chlárúcháin, deimhnithe ródacmhainneachta
- Dearbhú sonraí ceadúnaithe agus clárúcháin chun críocha na cúirte agus chun críocha eile

AN STIÚRTHÓIREACHT BONNEAGAIR
Príomhchúraimí na Stiúrthóireachta:

- Cothabháil agus feabhsú na mbóithre (líonra bóithre náisiúnta agus neamhnáisiúnta)
- Dearadh bóithre
- Bainistiu tráchta agus comharthaíocht
- Soilsiú poiblí – soláthar agus cothabháil
- Sábháilteacht agus oideachas bóthair
- Freagairtí éigeandála – tuilte, crainn tite, sneachta agus leac oighir
- Glanadh na sráideanna, bruscar
- Dúnadh bóithre
- Ceadúnais d'oscailt bóithre
- Seirbhísí i gcúram
- Struchtúir / áiteanna contúirteacha
- Cosaint cearta slí poiblí
- Ceadúnais le haghaidh ualaigh neamhghnácha
- Scéim Feabhsúcháin Áitiúil
- Tógáil i gcúram (forbairtí tithíochta etc.)
- Seirbhís leathanbhanda (MAN)
- Soláthar uisce, séarachais agus uisce dromchla
- Soláthar soláthairtí uisce poiblí agus saoráidí séarachais; clár uisce na tuaithe; cothabháil córas draenála; cúnamh deontais chun gur féidir le teaghlaigh a bhfuil soláthar príobháideach acu soláthairtí uisce agus scéimeanna séarachais a sholáthar nó a uasghrádú; cúnamh deontais chun scéimeanna grúpuisce agus séarachais atá ann faoi láthair a athchóiriú nó seirbhísí nua a chur ar fáil; íoc fóirdheontais bhliantúil i leith costais oibriúcháin maidir le huisce teaghlaigh a sholáthar do ghrúpaí atá foinsithe go poiblí iagus go príobháideach

STIÚRTHÓIREACHT PLEANÁLA, IMSHAOIL & ÉIGEANDÁLA
Príomhchúraimí na Stiúrthóireachta:

- Rialú forbartha (cead pleanála, ceadúnais etc.)
- Pleanáil don todhchaí (pleananna forbartha etc.)
- Forfheidhmiúchán pleanála
- Rialú foirgníochta
- Athnuachan bailte agus sráidbhailte
- Láithreáin thréigthe
- Bainistiú dramhaíola
  - ⇒ Ullmhú agus cur chun feidhme Straitéis Bhainistíochta Dramhaíola; bainistiú láithreacha líonta talún; cur chun cinn na hathchúrsála agus soláthar saoráidí athchúrsála; ullmhú agus cur chun feidhme Plean Bainistíochta Bruscair
- Rialú truaillithe
  - ⇒ Ceadúnú doirteadh eisiltigh in uiscí agus séaraigh phoiblí; monatóireacht ar chaighdeán aibhneacha; rialú bruscair; feachtais frith-bhruscair
- Seirbhísí dóiteáin, cosaint shibhialta agus éigeandála

- Oideachas comhshaoil
- Sábháilteacht uisce
- Cur chun feidhme an Achta Rialaithe Madraí & an Achta Rialaithe Capall
- Comhlíonadh freagrachtaí faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998, Acht na Seamlas agus na nAchtanna Sláinte Poiblí
- Soláthar agus cothabháil reiligí
- Soláthar cúnaimh agus comhairle do choistí bailte slachtmhara
- Riar theacht ar eolas maidir le rialacháin imshaoil
- Rialú, rialáil agus maoirsiú na tradála ócáidí

COMHAIRLE BAILE DHÚN DEALGAN
STIÚRTHÓIREACHT

Príomhchúraimí na Stiúrthóireachta:

- Údarás tithíochta le haghaidh Comhairle Baile Dhún Dealgan
- Údarás bóithre don bhaile
- Údarás dóiteáin
- Cur chun cinn an bhaile mar gheata mar a shainmhínítear é sa Straitéis Náisiúnta Spásúlachta.
- Féachaint chuige gur áit tharraingteach í Dún Dealgan le cónaí ann.

COMHAIRLE BAILE DHROICHEAD ÁTHA
STIÚRTHÓIREACHT

Príomhchúraimí na Stiúrthóireachta:

- A bheith mar údarás tithíochta do bhaile Dhroichead Átha
- Údarás bóithre don bhaile
- Údarás dóiteáin
- Cur chun cinn an bhaile mar mhol mar a shainmhínítear é sa Straitéis Náisiúnta Spásúlachta.
- Féachaint chuige gur áit tharraingteach í Droichead Átha le cónaí ann.

Caibidil 3 <u>Feabhsú Seirbhísí a chuirfear ar fáil sa dá theanga</u>

3.1 <u>Treoirphrionsabail:</u>

- Aithníonn Údaráis Áitiúla Lúghaí go bhfuil sé de cheart ag daoine ceachtar den dá theanga oifigiúla a roghnú le húsáid ina gcaidreamh linn.
- Glacann Údaráis Áitiúla Lúghaí leis gur fearr a éireoidh le duine a gcuid riachtanas agus éileamh a chur in iúl ina rogha teanga.
- Aithníonn Údaráis Áitiúla Lúghaí gur bunghné den dea-chleachtas is ea é fíor-rogha a thabhairt do dhaoine maidir leis an teanga a úsáideann siad chun plé le seirbhísí an údaráis áitiúil agus gur fearr na torthaí seirbhíse a bheidh ar rogha dá shórt.

Is iad seo a leanas na céimeanna a bhfuil sé beartaithe ag Údaráis Áitiúla Lúghaí a ghlacadh thar thréimhse na scéime seo chun feabhas a chur ar leibhéal na seirbhísí trí Ghaeilge:

- Iniúchadh ar leibhéal inniúlachta na foirne sa Ghaeilge. Aithneoidh an t-iniúchadh leibhéil éagsúla inniúlachta. Cuirfear an t-iniúchadh i gcrích laistigh de shé mhí ó thús feidhme na scéime.
- Aithneofar baill foirne i ngach stiúrthóireacht a bhfuil scileanna maithe nó reasúnta maith acu sa Ghaeilge ach nach bhfuil líofa go fóill agus cuirfear oiliúint ar fáil dóibh sa Ghaeilge laistigh d'am na hoifige thar thréimhse na scéime. Déanfar é seo le toiliú gach ball foirne lena mbaineann.
- Beidh Údaráis Áitiúla Lúghaí ag obair i gcónaí agus ag lorg comhaontú le baill foirne atá inniúil sa Ghaeilge chun seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge i ngach cineál seirbhíse ina bhféadfaí iarratas ar sheirbhís trí Ghaeilge a fháil. Lena dtoiliú, aithneofar baill foirne mar iad dár gcustaiméirí ar an láithreán Gréasáin, san eolaire teileafóin, etc.

Laistigh de dhá bhliain ó thús feidhme na scéime, beidh seirbhís cuntair lándátheangach ar fáil ó stiúrthóireacht na seirbhísí corparáideacha, agus an tseirbhís leabharlainne san áireamh. Aithneofar baill foirne a mbeidh ar a gcumas seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar sa stiúrthóireacht seo agus tabhar an oiliúint chuí dóibh le gur féidir leo é sin a dhéanamh.

3.2 Cumarsáid Scríofa

Cuirfidh Údaráis Áitiúla Lúghaí fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla. Nuair a bheidh an páipéarachas á ordú arís cuirfear ráiteas ar ár bpáipéar ceannteidil, duillíní dea-mhéine, etc. go gcuirfear fáilte roimh freagra i nGaeilge

Ní chuirfear moill neamhghnách ar aon chomhfhreagras Gaeilge le hÚdaráis Áitiúla Lúghaí. Gheobhaidh gach comhfhreagras freagra laistigh den spriocthréimhse a luadh sa Phlean Gníomhaíochtaí do Chustaiméirí, agus coimeádfar súil air sin le cabhair táscaire seirbhíse nua áitiúil.

Tar éis comhrá guthain nó comhrá duine le duine as Gaeilge beidh gach comhfhreagras leis an duine sin i nGaeilge ach sa chás go n-iarrann an ball den phobal a mhalairt. Cuirfear i nGaeilge chomh maith gach comhfhreagras a éiríonn de dhroim comhrá gutháin/duine le duine áit ar socraíodh gurbh fhearr leis an gcustaiméir Gaeilge a úsáid, fiú muna raibh an comhrá gutháin/duine le duine i nGaeilge.

3.3 Córais Eolais

Ar thús na scéime socróidh Údaráis Áitiúla Lúghaí seoladh ríomhphoist cineálach le haghaidh ceisteanna as Gaeilge. Caithfidh Údaráis Áitiúla Lúghaí a chinntiú go réiteofar ceisteanna Gaeilge chomh pras céanna le ceisteanna Béarla.

Forbrófar córas inlín Údaráis Áitiúla Lúghaí mar acmhainn foirne le haghaidh chur chun cinn an dátheangachais: ceartlitriú logainmneacha, cabhair maidir le litreacha a scríobh, múnlaí cainte d'fháilteoirí, ainmneacha na bpost agus na seirbhísí sa Chomhairle, óráidí etc.

Scrúdófar an bhféadfaí úsáid bogearraí aistriúcháin a leathnú ar fud na heagraíochta.

Cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh gach bogearraí agus crua-earraí ríomhaireachta a cheannófar as seo amach in ann an Ghaeilge a láimhseáil. Déanfar comhoiriúnú ar na córais atá ann faoi láthair, nuair is gá, an chéad uair eile a mbeidh obair chothabhála nó uasghrádaithe pleanáilte ar siúl.

Beidh an séanadh caighdeánach ar chomhfhreagras ríomhphoist sa dá theanga ó thús feidhme na scéime.

Cinnteoidh Údaráis Áitiúla Lúghaí go dtarraingeofar anuas ceist chumas na bpacáistí ríomhaireachta thuasluaithe an Ghaeilge a láimhseáil i ngach teagmháil tosaigh agus teagmháil ina dhiaidh sin le comhairligh, cuideachtaí etc.. Maidir leis seo, ba cheart a nótáil go bhfuil Údaráis Áitiúla Lúghaí, amhail formhór na n-údarás áitiúil eile, ag brath ar an mBord Seirbhísí Ríomhaireachta Rialtais Áitiúil le haghaidh soláthar mórchuid dá córais agus iarrfaidh Údaráis Áitiúla Lúghaí ar an mBord córais nua a sholáthar a bheith in ann an Ghaeilge a láimhseáil.

3.4 Foirmeacha Iarratais

Beidh gach foirm iarratais mar aon le bileoga eolais a ghabhann leo le haghaidh seirbhísí atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne ar fáil sa dá theanga laistigh d'ocht mhí dhéag ó dháta thús feidhme na scéime seo.

Beidh na foirmeacha ar fáil sa dá theanga laistigh den aon chlúdach amháin, ach sa chás nach bhfuil sé sin indeanta i ngeall ar mhéid, leagan amach nó nádúr an doiciméid.
Beidh siad ar fáil i ngach ceann d'oifigí na Comhairle.

3.5 Láithreán Gréasáin

Beidh gach foirm sa dá theanga (féach 3.4) ar fáil don bpobal ar ár láithreán Gréasáin laistigh d'ocht mhí dhéag ó thús feidhme na scéime seo. Beifear in ann riomhíocaíochtaí a dhéanamh i nGaeilge ar an láithreán Gréasáin, arís laistigh d'ocht mhí dhéag ó dháta thús feidhme na scéime seo. Beidh gach foilseachán a chaithfidh a bheith i nGaeilge de réir Alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla ar fáil ar láithreán Gréasáin na Comhairle i nGaeilge. Tabharfar isteach aon seirbhísí nua idirghníomhacha, a chumasaíonn don phobal iarratais a dhéanamh nó sochair a fháil ar líne, sa dá theanga ag an am céanna, faoi dheireadh thréimhse na scéime. Beidh seirbhísí idirghníomhacha atá ar fáil i mBéarla amháin anois ar fáil sa dá theanga chomh luath agus is féidir, ag smaoineamh ar acmhainní agus ar bhrú oibre sa réimse TF agus ar a dheireanaí, faoi dheireadh thréimhse na scéime.

Beidh gach ábhar statach ar an láithreán Gréasáin agus ar gach láithreán Gréasáin eile a thagann faoinár gcúram, ar fáil sa dá theanga faoi dheireadh thréimhse na scéime.

3.6 Seirbhísí Teileafóin

Is iad fáilteoirí / oibreoirí lasc-chlár céad phointe teagmhála an phobail leis an gComhairle. Is i mBéarla go príomha a chuirtear an tseirbhís seo ar fáil faoi láthair. Laistigh de dhá mhí dhéag ó dháta thús feidhme na scéime seo beidh fáilteoirí/oibreoirí lasc-chláir in ann ainm an údaráis áitiúil a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla, beannachtaí bunúsacha a thabhairt i nGaeilge agus beidh socruithe ann ionas gur féidir leo baill den phobal a chur i dteagmháil gan mhoill le pé oifig nó oifigeach atá freagrach as seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge.

Tá seirbhís freagartha gutháin duine le duine i bhfeidhm ag Údaráis Áitiúla Lúghaí lasmuigh d'uaireanta oifige. Féachfaimid chuige go mbeidh cumas bunúsach sa Ghaeilge ag an té a bheidh i mbun na seirbhíse seo faoi dheireadh thréimhse na scéime.

3.7 Beartas maidir le Cruinnithe Poiblí

Reáchtálann Údaráis Áitiúla Lúghaí formhór a gcruinnithe poiblí i mBéarla. Cuirfear deiseanna oiliúna ar fáil do Bhaill Tofa ar mian leo an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid. Éascófar duine ar bith ar mian leo labhairt i nGaeilge ag cruinniú poiblí.

Cuirfear clár oibre chruinnithe míosúla Údaráis Áitiúla Lúghaí ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge.

Athbhreithneofar na Buanorduithe féachaint cá bhféadfaí an Ghaeilge a neartú agus a húsáid a leathnú.

3.8 Preasráitis do na Meáin

Aithneofar baill foirne, nuair a bhíonn siad ar fáil, chun agallaimh a dhéanamh leis na meáin Ghaeilge, go háirithe Raidió na Gaeltachta agus TG4.

Soláthrófar liosta de bhaill foirne mar iad, agus a sonraí teagmhála, do na meáin Ghaeilge laistigh de bhliain amháin ó dháta thús feidhme na scéime. Leasófar an liosta agus cuirfear ar fáil é ar bhonn leanúnach.

Foilseofar preasráitis i mBéarla agus i nGaeilge maidir le tionscnaimh chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Cuirfear 20% de phreasráitis bhliantúla na Comhairle ar fáil, i nGaeilge agus i mBéarla, faoi dheireadh thréimhse na scéime.

Um an dtaca sin, beidh 40% d'fhógraíocht preasa Údaráis Áitiúla Lúghaí i nGaeilge agus i mBéarla. Déanfar é sin de bhreis ar na riachtanais reachtúla.

3.9 Bróisiúir agus Bileoga Eolais

Beidh gach bróisiúr agus bileog eolais a sholáthraíonn eolas don phobal i dtaca le seirbhísí ar fáil sa dá theanga laistigh den aon chlúdach amháin faoi dheireadh thréimhse na scéime seo, ach i gcásanna nuair nach féidir sin i ngeall ar mhéid, leagan amach nó nádúr an doiciméid ar leith.

Is i mBéarla amháin a fhoilseofar doiciméid theicniúla, ach i gcás go bhfuil suim níos forleithne iontu ag an bpobal nó go mbaineann siad le ceantar áitiúil ar leith. I gcásanna mar sin beidh leagan dátheangach nó achoimre Gaeilge ar fáil.

3.10 Logainmneacha

Bunófar Coiste na Gaeilge / Logainmneacha laistigh d'Údaráis Áitiúla Lúghaí agus mar chuid dá théarmaí tagartha ceapfar beartas maidir le hainmniú gach eastát nua de chuid na n-údarás áitiúil agus de chuid fhorbróirí príobháideacha. Comhlíonfaidh agus breiseoidh an beartas seo Alt 34 (2) (o) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, agus cinnteoidh go léireoidh na hainmneacha a roghnófar stair, cultúr agus dinnseanchas na háite.

Bhí stádas Gaeltachta ag Ó Méith, ar chósta thoir thuaidh an chontae, go dtí na 1950idí. Mar thionscadal píolótach, agus laistigh de fhráma ama na scéime seo, cuirfear comharthaíocht d'aon cheann déag de bhailte fearainn i bparóiste Uí Mhéith, chomh maith le comharthaíocht maidir le saoráidí sa tsráidbhaile, ar fáil sa dá theanga nó i nGaeilge amháin. Is i gcomhairle

leis an bpobal áitiúil a dhéanfar an cinneadh deireanach.

3.11 Bearta Tionscnaimh

Seo a leanas cuid de na tograí breise a bheidh á soláthar ag Údaráis Áitiúla Lúghaí i gcónaí agus / nó a fhorbrófar thar thréimhse na scéime:

Rannpháirtíocht i Seachtain na Gaeilge (m.sh. imeachtaí/taispeáintais sna seirbhísí leabharlainne).

Rachfar i mbun oibre le Conradh na Gaeilge ag leibhéal áitiúil chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn laistigh d'oibríochtaí na Comhairle agus sa phobal tríd is tríd.

Tabharfar isteach agus cuirfear chun cinn scéim deonach Fáinne i measc na foirne ionas go mbeidh cainteoirí Gaeilge soaitheanta don phobal agus dá chéile.

Caibidil 4 Cur chun feidhme, Monatóireacht agus Athbhreithniú

Ar thús feidhme na scéime, treoróidh an Stiúrthóir Seirbhíse i Seirbhísí Corparáideacha ullmhú phlean feidhmiúcháin trí bliana. Aithneoidh agus socróidh plean feidhmiúcháin gach Stiúrthóireachta príomhchlochmhílte a ndéanfar dul chun cinn a thagarmharcáil ina n-aghaidh, i bhfoirm tuarascála bliantúla ar dhul chun cinn gach Stiúrthóireachta don Bhainisteoir Contae. Beidh cur síos sa Tuarascáil Bhliantúil a bheidh ar fáil don phobal agus do na Baill Tofa ar dhul chun cinn foriomlán na heagraíochta.

Coimeádfaidh an Fhoireann Bhainistíochta oibriú éifeachtach na scéime faoi athbhreithniú, go príomha tríd na modhanna a luadh thuas.

Scrúdóidh Údaráis Áitiúla Lúghaí an t-éileamh ar sheirbhísí Gaeilge i ngach ceann dá sheirbhísí agus comhlíonadh an éilimh sin.

D'fhéadfadh Údaráis Áitiúla Lúghaí gníomhaíochtaí breise forbartha a thionscnamh nach gclúdaítear sa scéim seo.

Forbróidh Údaráis Áitiúla Lúghaí táscaire seirbhíse áitiúil chun ceisteanna agus/nó cumarsáid i nGaeilge a thaifeadadh, agus a thomhasfaidh freagairtí Údaráis Áitiúla Lúghaí orthu.

Oiliúint agus Forbairt

Leanfaidh Údaráis Áitiúla Lúghaí dá ngealltanas leanúnach oiliúint agus forbairt a sholáthar don fhoireann ar fad, sa dá theanga oifigiúil, chun riachtanais ár gcustaiméirí a chomhlíonadh de réir mar a thagann siad chun cinn agus chun lánacmhainneacht na foirne a fhorbairt le linn a ngairmré.

Seo mar a dhéanfaidh Údaráis Áitiúla Lúghaí:

- Tacófar i gcónaí le soláthar raon cúrsaí oiliúna ardchaighdeáin sa Ghaeilge don fhoireann, le linn agus i ndiaidh gnáthuaireanta oibre, mar shlánchuid de phlean oiliúna iomlán na

nÚdarás.

- Soláthrófar raon cúrsaí trí mheán na Gaeilge do bhaill foirne atá líofa sa teanga cheana féin (m.sh. aistriúchán comhuaineach, scileanna leis na meáin, úsáid na Gaeilge ar ríomhairí, gramadach agus scileanna scríofa litreacha etc.)
- Cuirfear ábhair agus acmhainní Gaeilge (foclóirí, bogearraí ríomhaire, foilseacháin etc.) ar fáil don fhoireann le gur féidir leo seirbhísí trí Ghaeilge a fhorbairt agus a sheachadadh.
- Measúnófar gach cúrsa, lena n-áirítear cúrsaí Gaeilge agus cúrsaí a thugtar trí Ghaeilge, go rialta chun a fháil amach cé chomh héifeachtach is atá siad maidir le spriocanna na Comhairle a shroichint.
- Beidh feasacht teanga mar chuid de chúrsaí oiliúna iondúchtúcháin agus seirbhís do chustaiméirí chun a chinntiú go dtuigeann an fhoireann

    a) an fáth go bhfuil beartas dátheangach á chur chun feidhme ag an gComhairle;
    b) comhthéacs agus cúlra an bheartais, agus
    c) go mbíonn siad lán ar an eolas maidir le tionchar an bheartais ar a gcuid oibre
    d) riachtanais agus ábhair bhuartha chustaiméirí a labhraíonn Gaeilge.

- Scrúdóidh Údaráis Áitiúla Lúghaí modhanna eile (m.sh. scéimeanna dámhachtana) chun forbairt sheirbhísí trí Ghaeilge a spreagadh i measc na foirne, agus chun aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí na foirne.

Caibidil 5 <u>Fógairt na Scéime Aontaithe</u>

Fógrófar ábhar na scéime seo, mar aon le gealltanais agus forálacha na scéime, don phobal i gcoitinne trí

- Phreasráiteas
- Sheoladh oifigiúil na scéime
- A fhorálacha a fhógairt
- Scaipeadh ar ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí cuí
- Láithreán Gréasáin

Cuirfear cóip den scéim seo ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.